

Seachtain Oidhreachta in Oirthear na Gaillimhe



Tháinig Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin agus Gaeilge Locha Riach le chéile le linn Sheachtain Oidhreachta le roinnt imeachtaí a eagrú ar mhaithe le tábhacht oidhreachta an cheantair a ardú. D'eagraíodh siúlóid sléibhe thart ar Sliabh Eachtaí i gceantar Ghráig na Muilte Iarainn in Oirthear na Gaillimhe. Tugadh treoir ar an cheantar, ar na suíomhanna oidhreachta sa chomharsanacht, ar dúlra na háite agus béim ar leith ar na crainn éagsúla is na foinsí uisce ann. Cuireadh síos ar stair, cultúr is nósanna an cheantair leis agus tagairtí áirithe do choill Dhoire na Cráige, don tobar naofa ann agus do Raifteirí sa cheantar leis. Ina dhiaidh sin, ghlac breis agus ceithre scór duine agus ceithre fhoireann déag idir óg is aosta páirt sa 'Toraíocht Taisce' thart ar bhaile ársa Locha Riach. Bhí go leor spraoi is sult ag teaghlaigh agus iad ag iarraidh fuascailt na ceisteanna a aimsiú thart ar an bhaile. Le linn an chraic, bhí siad ag foghlaim fá suíomhanna oidhreachta, fá charachtair

stairiúla is ag cur aithne níos fearr ar stair is dúlra an bhaile. Cuireadh deochanna agus smailceanna bia ar fáil sa Comhar Creidmheasa ina dhiaidh agus plaiceanna cuimhniúcháin is teastais bronnta ar na foirne lena d'éirigh na ceisteanna a fhreagairt i gceart.



Chríochnaigh imeachtaí Sheachtain Oidhreachta i mBaile Locha Riach nuair a nochtáíodh leacht cuimhneacháin in ómós cách a bhí curtha i Poll Rua Boic ar imeall Locha Riach ó na meán-aoiseanna ar aghaidh. Tuigtear go bhfuil a leithéid de reiligí le fáil i ngach aon paróiste in Éirinn ach le forbairtí atá ar siúl, bhí baol ann go mbeadh an reilig áirithe seo ligthe i ndearmad agus Baile Locha Riach ag fás i rith an ama. Cuimhníodh go speisialta ar na leanaí curtha thart faoi sceach gheal sa pháirc uaigneach, cuid acu curtha go rúnda lár na hoíche.

